Aclaíocht i measc leanaí scoile na hÉireann

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 17

Pauline Clerkin, Uasal, an Dr Kieran Walsh agus an Dr Saoirse Nic Gabhainn, an tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh

Achoimre

Sa suirbhé a rinne HBSC na Éireann, thug 47.0% de leanaí na hÉireann le fios go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice (buachaillí 59.2%, cailíní 37.9%). Is laghdú é seo ar na figiúirí a léiríodh i suirbhé a rinneadh i 1998. Tá laghdú le sonrú i gcéatadán na leanaí a bhíonn i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice de réir mar a théann siad in aois, ó 64.7% de bhuachaillí 10-11 bhliain d'aois agus 53.6% de chailíní 10-11 bhliain d'aois, go 51.3% de bhuachaillí 15-17 mbliana d'aois agus 26.0% de chailíní 15-17 mbliana d'aois. Is lú seans go mothaíonn leanaí a bhíonn i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice faoi bhrú ag obair scoile agus is mó seans: nach mbíonn deacracht acu labhairt lena n-athair, go gcaitheann siad níos mó ná ceithre thrátnóna sa tseachtain lena gcairde agus go bhfuil sláinte an bhradáin agus go bhfuil siad an-sásta. Is é atá i gceist le haclaíocht sa bhileog fíricí seo ná leanaí a bhíonn i mbun aclaíochta ceithre bhabhta nó níos mó sa tseachtain, lasmuigh d'uaireanta scoile, go mbíonn saothar orthu agus go mbíonn siad as anáil agus ag cur allais dá bharr.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Tá baint ag gníomhaíocht choirp le sláinte shóisialta, shíceolaíoch agus fhiseolaíoch i measc leanaí agus ógánach[3] agus moltar a bheith i mbun gníomhaíocht choirp de chineál éigin ar bhonn leanúnach[4]. Tá mórthioncar ag timpeallachtaí difriúla ina gcaitheann daoine óga bunús a gcuid ama ar an méid aclaíochta a bhíonn ar bun acu[5].

Treochtaí 1998 – 2002

Idir 1998 agus 2002, tháinig laghdú ó 53.5% go 47.0% ar chéatadán na leanaí a thugann le fios go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice. Tá idir bhuachaillí agus chailíní i gceist leis an laghdú seo (ó 62.4% go 59.2% i gcás na mbuachaillí agus ó 45.0% go 37.9% i gcás na gcailíní) agus tá gach aoisghrúpa i gceist freisin. Tá an laghdú is suntasaí le sonrú i measc cailíní 12-14 bliana d'aois (ó 49.4% go 42.4%).

...Aclaíocht i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí, de réir aoise agus inscne, a bhíonn i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice, HBSC 2002

An Aclaíocht a chur i gcomhthéacs

- Is mó seans go mbíonn sé níos éasca do leanaí, a thugann le fios go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice, labhairt lena n-athair ná mar a bhíonn sé dóibh siúd nach mbíonn an méid céanna aclaíochta ar bun acu (59% vs 48%).
- Is mó seans go gcaitheann leanaí, a thugann le fios go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice, ceithre thráthnóna nó níos mó lena gcairde ná na leanaí nach mbíonn an méid céanna aclaíochta ar bun acu (55% vs 45%).
- Is mó seans nach mbíonn leanaí, a thugann le fios go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice, faoi bhrú ag obair bhaile i gcomparáid leis na leanaí nach mbíonn an méid céanna aclaíochta ar bun acu (33% vs 37%).
- Is mó seans go mbhfuil leanaí, a chuireann in iúl go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice – go breá sláintiúil (36% vs 20%) agus go bhfuil siad go sona sásta sa saol (51% vs 38%) ná na leanaí nach mbíonn i mbun aclaíochta chomh minic seo.
- Níl baint ar bith ag cúrsaí aclaíochta leis na rudaí seo a leanas: aicmí sóisialta, an bhfuil cónaí ar an leanbh le beirt tuismitheoirí nó nach bhfuil, an féidir leis an leanbh labhairt go héasca lena m(h)áthair nó lena c(h)ara is fearr.

...Aclaíocht i measc leanaí scoile na hÉireann

Idirnáisiúnta

In HBSC 2002, níor cuireadh an cheist seo i ngach tír; mar sin de, ní féidir comparáid idirnáisiúnta a dhéanamh le haghaidh 2002. Bhí an cheist éigeantach i 1998, áfach, agus dá bhrí sin is féidir comparáid idirnáisiúnta a dhéanamh le haghaidh shuirbhé 1998. Sa bhliain 1998, bhí buachaillí agus cailíní na hÉireann, a bhí 15 bliana d'aois, sa cheathrú háit as 29 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh; mhaígh 42% díobh go raibh siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice. Sa bhliain 1998, mhaígh 63% de bhuachaillí agus de chailíní na hÉireann 11 bhliain d'aois (sa cheathrú háit as an 29 tír sin), agus 57% de bhuachaillí agus de chailíní na hÉireann 13 bliana d'aois (an ceathrú háit freisin) go raibh siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice. Beidh treochtaí náisiúnta agus comparáidí idirnáisiúnta um ghníomhaíocht fhisiceach ar fáil in 2006.

Impleachtaí

Tá laghdú tagtha ó 1998 ar aghaidh ar líon na ndaoine óga in Éirinn a deir go mbíonn siad i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice. Ina theannta sin, is féidir a rá gur chéatadán ard a bhí i gceist leis an méid leanaí a bhí i mbun aclaíochta ceithre bhabhta sa tseachtain nó níos minice i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh ag an am. Cé nach léiriú iomlán cruinn í an fhaisnéis seo ar chúrsaí faoi láthair, is garmheastachán é ar an rangú idirnáisiúnta.Tugann torthaí na bileoige fíricí seo le fios go bhfuil baint ag aclaíocht leanaí leis an gcaidreamh atá acu lena n-athair agus le leanaí comhaoise.Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil baint idir a bheith i mbun aclaíochta agus dearcadh maith a bheith ag daoine i dtaca lena sláinte féin.Cé nach laghdú ollmhór a bhí i gceist, bhí laghdú ar líon na leanaí a bhí i mbun aclaíochta in 2002 agus ní mór monatóireacht a dhéanamh air seo. Baineann tábhacht ar leith leis seo de dheasca na himní i dtaca leis an otracht sa tsochaí.Ní mór tús áite a thabhairt do chás na gcailíní 15-17 mbliana d'aois nach mbíonn ach céatadán beag díobh i mbun aclaíochta.D'fhéadfadh sé go léiríonn an fhaisnéis seo go bhfuil géarghá le háiseanna éagsúla chun aclaíocht a spreagadh i measc daoine óga taobh amuigh den scoil.Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an méid aclaíochta a dhéantar i rith uaireanta scoile freisin.

...Aclaíocht i measc leanaí scoile na hÉireann

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagaí) (2001). *Health behaviour in school-aged children: a WHO cross-national study (HBSC): research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

2. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eagaí) (2004). *Young people's health in context*. Health Policy for Children and Adolescent No. 4. Cóbanhávan:WHO-Europe.

3. Sallis, J.F., Prochaska, J.J. & Taylor, W.C. (2000). A review of correlates of physical activity of children and adolescents. *Medicine & Science in Sports & Exercise*, 32(5), 963-975.

4. An Roinn Sláinte agus Leanaí (2005).*Obesity – The Policy Changes: The report of the National Taskforce on Obesity.* Baile Átha Cliath: An Roinn Sláinte agus Leanaí.

5. de Roiste, A. & Dineen, J. (2005). *Young People's Views about Opportunities, Barriers and Supports to Recreation and Leisure: A Research Report by Cork Institute of Technology on behalf of the National Children's Office*. Baile Átha Cliath: Brunswick Press.

Staidéar taighde is é an Iompraíocht Sláinte Leanaí na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde [1,2] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2002, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.